

eFlow Accessibility Statement

eFlow is committed to:

Maintaining An Accessible Website & Mobile Application

eFlow is committed to ensuring that this website and mobile application maintain “Level AA” conformance to the Web Content Accessibility Guidelines (WCAG) 2.2, to comply with the National Disability Authority’s Code of Practice on Accessibility of Public Services and Information Provided by Public Bodies.

eFlow is committed to ensuring that all new information on this website and mobile application achieves and maintains “Level AA” conformance to the Web Content Accessibility Guidelines (WCAG) 2.2 including accessibility when we procure 3rd-party systems or upgrades to existing systems.

Compliance Status

The Web Content Accessibility Guidelines (WCAG) 2.1 defines requirements for designers and developers to improve accessibility for people with disabilities. This eFlow website and mobile application are reviewed on a monthly basis to ensure any changes / additions are compliant with “Level AA” conformance to the Web Content Accessibility Guidelines (WCAG) 2.1. The eFlow website and mobile application are partially compliant with WCAG 2.1 due to the non compliances listed below :

Non-Accessible Statement

eFlow Website

- Keyboard focus indicator is missing (2.4.7) – can lead to confusion and frustration for users who rely on keyboard navigation
- Page missing a title (2.4.2) – can lead to confusion for users, especially those using assistive technologies such as screen readers
- Page language has not been identified (3.1.2) – can lead to accessibility issues such as screen reader misinterpretation, translation tool errors and cognitive and learning impediments

eFlow Mobile Application

- Font Magnification Support issues (1.4.4) – can cause issues for users with visual impairment
- Label in Name (2.5.3) – can impede speech-input users activating controls by speaking the visible label
- Missing View Type in Spoken Output (Custom rule A-4) – can prevent users with disabilities from understanding how to interact with the elements

eFlow are in the process of addressing the issues above and expect these areas of non-compliance to be fixed by 30th June 2026.

Preparation of Accessibility Statement

This statement was reviewed and updated on **06th May 2026**. The methods used to prepare the statement are laid out in Article 3(1) of Commission Implementing Decision (EU) 2018/[1523](#) and by the National Disability [Authority](#).

Feedback and Contact Information

Persons with a disability, or anyone acting on their behalf, may make a complaint to eFlow if they consider that the organisation has failed to comply with the provisions of Sections 25, 26, 27 & 28 of the Disability Act [2005](#) or the Equal Status Act [2000](#).

eFlow welcomes your feedback on the accessibility of their website and mobile application. If you find that you are not able to access, request information, or use content on the eFlow website or mobile application for accessibility reasons, please contact us through the '[Contact Us](#)' page. We will endeavour to respond to all contacts as soon as possible, and no later than two working days after receipt.

Ráiteas Inrochtaineachta eFlow

Tá eFlow.ie tiomanta do:

Suíomh Gréasáin agus Feidhmchlár Móibíleach Inrochtana a Chothabháil

Tá eFlow tiomanta dá chinntiú go gcoinníonn an suíomh gréasáin agus an feidhmchlár móibíleach seo comhréireacht “Leibhéal AA” leis na Treoirlínte maidir le hInrochtaineacht Ábhar Gréasáin (WCAG) 2.2, chun cloí le Cód Cleachtais an Údaráis Náisiúnta Míchumais maidir le hInrochtaineacht Seirbhísí Poiblí agus Faisnéise a sholáthraíonn Comhlachtaí Poiblí.

Tá eFlow tiomanta dá chinntiú go mbaineann gach faisnéis nua ar an suíomh gréasáin seo agus ar an bhfeidhmchlár móibíleach amach agus go gcoinníonn sé comhréireacht “Leibhéal AA” leis na Treoirlínte maidir le hInrochtaineacht Ábhair ar an nGréasán (WCAG) 2.2 lena n-áirítear inrochtaineacht nuair a sholáthraímid córais 3ú páirtí nó uasghrádú ar chórais atá ann cheana.

Stádas Comhlíonta

Sainmhíníonn na Treoirlínte um Inrochtaineacht Ábhar Gréasáin (WCAG) 2.1 riachtanais do dhearthóirí agus d'fhorbróirí chun inrochtaineacht a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas. Déantar athbhreithniú ar an suíomh gréasáin eFlow seo agus ar an bhfeidhmchlár móibíleach seo ar bhonn míosúil chun a chinntiú go gcomhlíonann aon athruithe / breisithe comhréireacht “Leibhéal AA” leis na Treoirlínte maidir le hInrochtaineacht Ábhar Gréasáin (WCAG) 2.1. Tá suíomh gréasáin eFlow agus an feidhmchlár móibíleach ag cloí go páirteach le WCAG 2.1 mar gheall ar na neamhchomhlíontaí a liostaítear thíos :

Ráiteas Neamh-Inrochtaineachta

Suíomh Gréasáin eFlow

- Tá táscaire fócais méarchláir ar iarraidh (2.4.7) – is féidir mearbhall agus frustrachas a bheith ann d'úsáideoirí a bhíonn ag brath ar nascleanúint méarchláir
- Tá teideal ar iarraidh ar leathanach (2.4.2) – d'fhéadfadh sé seo mearbhall a chruthú, go háirithe d'úsáideoirí a úsáideann teicneolaíochtaí cúnta ar nós léitheoirí scáileáin
- Níor sainaithníodh teanga leathanaigh (3.1.2) – d'fhéadfadh fadhbanna inrochtaineachta a bheith mar thoradh air amhail míthuiscint léitheora scáileáin, earráidí uirlisí aistriúcháin agus baic chognaíocha agus foghlama

Feidhmchlár Móibíleach eFlow

- Fadhbanna le tacaíocht méadaithe cló (1.4.4) – d'fhéadfadh sé seo deacrachtaí a chruthú do dhaoine a bhfuil lagú radhairc orthu
- Lipéad san Ainm (2.5.3) – d'fhéadfadh sé seo bac a chur ar úsáideoirí ionchuir cainte rialuithe a ghníomhachtú trí lipéad infheicthe a rá
- Cineál Amhairc ar iarraidh san Aschur Labhartha (Riail shaincheaptha A-4) – d'fhéadfadh sé seo cosc a chur ar úsáideoirí faoi mhíchumas tuiscint a fháil ar conas idirghníomhú leis na heilimintí

Tá eFlow i mbun aghaidh a thabhairt ar na saincheistean thuas agus táthar ag súil go mbeidh na réimsí neamhchomhlíonta seo réitithe faoin 30 Meitheamh 2026.

Ullmhú an Ráitis Inrochtaineachta

Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar an ráiteas seo ar an **6 Bealtaine 2026**. Tá na modhanna a úsáideadh chun an ráiteas a ullmhú leagtha amach in Airteagal 3(1) de Chinneadh Cur Chun Feidhme an Choimisiúin (AE) 2018/[1523](#) agus ag an Údarás Náisiúnta [Míchumais](#).

Aiseolas agus Faisnéis Teagmhála

Féadfaidh daoine faoi mhíchumas, nó aon duine ag gníomhú ar a son, gearán a dhéanamh le eFlow má mheasann siad gur theip ar an eagraíocht cloí le forálacha Ailt 25, 26, 27 & 28 den Acht um Míchumas [2005](#) nó den Acht um Stádas Comhionann [2000](#).

Cuireann eFlow fáilte roimh aiseolas maidir le hinrochtaineacht a shuímh ghréasáin agus a fheidhmchláir mhóibíligh. Má fhaigheann tú nach bhfuil tú in ann rochtain a fháil ar fhaisnéis, í a iarraidh, nó ábhar a úsáid ar chúiseanna inrochtaineachta, déan teagmháil linn tríd an leathanach '[Déan Teagmháil Linn](#)'. Déanfaimid ár ndícheall freagra a thabhairt chomh luath agus is féidir, agus tráth nach déanaí ná dhá lá oibre tar éis é a fháil.

